Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11303/22**

**DEVGEN 151**
**ACP 95**
**RELEX 1007**
**FIN 794**
**OCDE 16**
**SUSTDEV 132**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10845/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2022 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 18 Iúil 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2022 chuig an gComhairle Eorpach maidir le spriocanna an Aontais i réimse na cabhrach um fhorbairt, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 3889ú cruinniú a tionóladh an 18 Iúil 2022.

**Tuarascáil Bhliantúil 2022 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt**
**Conclúidí ón gComhairle**

1. An 17 Meitheamh 2010, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gealltanais agus comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát i leith cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA)[1]. Seo an dara tuarascáil bhliantúil déag dá cineál a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Is díol sásaimh don Chomhairle an anailís a rinne an Coimisiún ar threochtaí i ndáil le gealltanais chomhchoiteanna agus aonair an Aontais i dtaca le ODA, bunaithe ar réamhaisnéis ó OECD/DAC maidir le ODA don bhliain 2021, lena ndeimhnítear gurb é an tAontas Eorpach ar bhonn comhchoiteann an deontóir is mó ar domhan i gcónaí.

2. Meabhraítear don Chomhairle an gealltanas a thug an tAontas agus na Ballstáit maidir le gach sreabhadh airgeadais a úsáid go héifeachtach mar aon le modhanna cur chun feidhme neamhairgeadais, chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, agus béim á leagan ar an ngníomhaíocht intíre agus ar bheartais fhónta, i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa 2015. Daingníonn an Chomhairle gealltanas an Aontais agus a Bhallstáit, idir chomhchoiteann agus aonair, maidir le maoiniú na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA), mar a leagtar amach é sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt[2].

[1] Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanas maidir le ODA.
[2] 2017/C 210/01: Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach

3. I dtimpeallacht mhaoiniúcháin atá ag éirí níos casta, is gné thábhachtach chatalaíoch é ODA a bhfuil ról lárnach i gcónaí aige sa mhaoiniú foriomlán atá ar fáil chun cabhrú le Clár Oibre 2030 a bhaint amach. Is féidir le ODA a bheith ina chabhair chun foinsí eile maoiniúcháin a ghiaráil, go háirithe maoiniú intíre poiblí, maoiniú cumaiscthe agus infheistíochtaí príobháideacha inbhuanaithe, chomh maith le modhanna eile cur chun feidhme, amhail tacú leis an eolaíocht agus an taighde, an teicneolaíocht, an nuálaíocht agus an digiteáil.

4. Cuireann an tionchar a bhíonn ag cogadh foghach na Rúise san Úcráin le héifeachtaí leanúnacha phaindéim COVID-19 agus le tionchair an athraithe aeráide gur léir dúinn cheana iad. Cuireann an cogadh leis na riachtanais mhaoiniúcháin, cuireann sé an dul chun cinn ar Chlár Oibre 2030 i mbaol mór, méadaíonn sé an bhochtaineacht agus na héagothromaíochtaí agus is cúis é le neamhshlándáil dhomhanda bia, boilsciú agus suaitheadh soláthair, lena n-airítear i ndáil le leasacháin agus fuinneamh, agus déanann sé tuilleadh damáiste mór do leachtacht, leibhéil fiachais, ionchas maicreacnamaíoch agus ionchais fáis na dtíortha. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá na gealltanais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe chomh maith le haon chreimeadh ar SDGanna agus tionchar fhogha na Rúise ar thíortha comhpháirtíochta a mhaolú, go háirithe ar na tíortha is leochailí.

5. Is foinse mhór airgeadais i gcónaí é ODA domhanda do na tíortha is boichte, go háirithe na tíortha is lú forbairt (TLFanna) agus na tíortha is mó atá i ngátar, lena n-áirítear tíortha i ndálaí leochaileacha nó coinbhleachta, agus tíortha atá buailte ag leochaileachtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide, tíortha nach bhfuil an acmhainneacht intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.

6. Agus an méid thuas á thabhairt ar aird, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

   a) In 2021, shroich ODA[3] comhchoiteann AE[4] EUR 70.2 billiún[5], suas ó EUR 67.3 billiún[6] in 2020. Léirítear leis an méadú ainmniúil 4.3 % sin na hiarrachtaí leanúnacha, mar chuid de chur chuige Fhoireann na hEorpa, chun tacaíocht a chur ar fáil do thíortha i mbéal forbartha, go háirithe mar fhreagairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19.

   b) Choimeád an tAontas agus Bhallstáit a seasamh mar an soláthróir ODA is mó ar domhan (féach Figiúr 1), ós iad a thugann 43 % den ODA foriomlán[7] agus dhaingnigh siad a gceannaireacht sa chlár oibre domhanda maidir le forbairt inbhuanaithe.

---

[3] Is ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus suim ODA ó Bhallstáit an Aontais agus an chuid de ODA a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit ná ar dheontóirí nach Ballstáit den Aontas iad, amhail an Ríocht Aontaithe. Tromlach chaiteachas institiúidí an Aontais ar ODA, inleagtar ar Bhallstáit an Aontais é, i.e. áirítear cuid de chaiteachas na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. Ní inleagtar cúnamh oifigiúil um fhorbairt a chuirtear ar fáil trí acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIB) féin ar na Ballstáit agus tá sé sa bhreis ar cúnamh oifigiúil um fhorbairt na mBallstát.

[4] Ní áirítear leis sin an Chipir, nár thuairiscigh réamh-ODA 2021 do OECD.

[5] Ar bhonn coibhéis deontas, arb í an mhodheolaíocht nua chun luach ODA iasachtaí lamháltais a ríomh, a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair in 2019 ar shonraí 2018 maidir le hiasachtaí oifigiúla agus iasachtaí chuig institiúidí iltaobhacha, ag tosú le sonraí 2020 freisin maidir le faoiseamh fiachais. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an modheolaíocht choibhéiseach deontas nua agus ar an modheolaíocht a úsáideadh san am a caitheamh ag baint úsáid as bonn glansreabhaidh airgid, féach anseo: Réamhfhigiúirí ar Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt 2020 (europa.eu).

[6] I dtéarmaí ainmniúla. Tabhair faoi deara go bhfuil an figiúr EUR 67.3 billiún bunaithe ar shonraí deiridh 2020 ó OECD a foilsíodh in earrach na bliana 2022, agus bhí an figiúr EUR 66.8 billiún ó Chonclúidí 2021 ón gComhairle bunaithe ar réamhshonraí 2020 ón OECD a foilsíodh in earrach na bliana 2021.

[7] Áirítear, sa sainmhíniú atá anseo ar ODA foriomlán, ODA a chuireann tíortha comhchoiteanna an Aontais, agus gach tír eile dheontóra DAC agus neamh-DAC, ar fáil. Bunaithe ar an sainmhíniú sin, b'ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus 43 % den ODA foriomlán in 2020. Sna Conclúidí ón gComhairle roimhe seo, cuireadh in iúl an sciar de ODA comhchoiteann an Aontais as ODA iomlán ó dheontóirí comhchoiteanna an Aontais agus gach deontóir eile DAC (gan deontóirí neamh-DAC eile a áireamh), arbh ionann é agus 46 % in 2020 agus arbh ionann fós é agus 46 % in 2021. Dá bhrí sin, ní laghdú é an t-athrú go 43 % sna Conclúidí reatha ón gComhairle, ach is é is cúis leis an athrú ar an modh, agus leas á bhaint anois as raon feidhme níos cuimsithí ODA iomláin.

c) B'ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus 0.49 % d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais; laghdú beag ó chóimheas 0.50 % a in 2020[8], ach tá sé fós cuid mhaith níos airde ná an meán do chomhaltaí DAC nach Ballstát den Aontas Eorpach iad, a sheas ag 0.26 % OIN in 2021 (féach Figiúr 2).

d) Sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7 % ODA/OIN (féach Figiúr 3 agus Tábla 1). In 6 Bhallstát de chuid an Aontais chuaigh cóimheas ODA/OIN suas, in 12 Bhallstát d fhan sé mar a bhí sé[9], agus thit sé in 8 mBallstát.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú atá tagtha ar ODA comhchoiteann an Aontais in 2021 i gcomparáid le 2020, rud atá thar a bheith suntasach i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19. Mar sin féin, is ábhar imní don Chomhairle an laghdú beag atá tagtha ar ODA/OIN an Aontais, toisc nach raibh an méadú ainmniúil ar ODA comhchoiteann an Aontais i gcomhréir leis an méadú ard ainmniúil OIN i ngeall ar an téarnamh eacnamaíoch, agus athdhearbhaíonn sí gur gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun na spriocanna comhchoiteanna agus na spriocanna aonair a bhaint amach agus 0.7 % de OIN a sholáthar ar bhonn comhchoiteann mar ODA faoi 2030.

8. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle gurb iad an tAontas agus na Ballstáit na soláthraithe is mó ODA a bhaineann le COVID-19 i gcónaí: Chuir Ballstáit an Aontais EUR 5.2 billiún ar fáil (méadú ainmniúil 16.5 % ó 2020), as EUR 16.3 billiún ó gach tír dheontóra a thug tuairisc faoi sin in 2021 i nglansreafaí. Mar chuid den mhéid sin, thiomnaigh Ballstáit an Aontais EUR 1.6 billiún de ODA do dheonú vacsaíní, méid arb ionann é agus 2.2 % den ODA glan iomlán uathu in 2021. Chuir an tAontas EUR 8.8 billiún de ODA a bhaineann le COVID-19 ar fáil i nglansreafaí in 2021 (méadú ainmniúil 11.1 % ó 2020).

[8] Is é is míniú ar an laghdú beag ar chóimheas ODA/OIN an Aontais idir 2020 agus 2021, in ainneoin an mhéadaithe ainmniúil ar ODA, téarnamh an gheilleagair ó phaindéim COVID-19, agus OIN comhchoiteann an Aontais ag méadú ag ráta níos airde ná ODA (méadú 7.6 % i dtéarmaí ainmniúla).

[9] Tagraíonn an nath 'd'fhan mar a bhí sé' do chóimheasa ODA le OIN ar tháinig athrú is lú ná 0.01 pointe céatadáin orthu.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an éabhlóid shuntasach atá tagtha ar ODA an Aontais chuig na tíortha is lú forbairt: B'ionann ODA iomlán an Aontais do na tíortha is lú forbairt agus EUR 16.3 billiún in 2020, i.e. 0.12 % de OIN[10]. Is ag méadú atá an imní atá ar an gComhairle, áfach, nach bhfuil a sprioc chomhchoiteann bainte amach ag an Aontas fós: is é sin 0.15 % - 0.20 % de OIN a chur ar fáil do na tíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá, mar ábhar práinne, borradh a chur faoi iarrachtaí an sprioc 0.20 % OIN a sholáthar mar ODA do na tíortha is lú forbairt ar bhonn comhchoiteann faoi 2030.

10. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit gníomhaíochtaí nithiúla infhíoraithe chun a ngealltanais chomhchoiteanna - 0.7 % de OIN mar ODA agus 0.20 % mar ODA a chur ar fáil do na tíortha is lú forbairt faoi 2030 – a chur i gcrích, agus leanfaidh sí d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Leanfaidh an Chomhairle de thuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht.

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go mbeidh comhar um fhorbairt an Aontais agus a Bhallstát dírithe i gcónaí ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo agus ar na háiteanna is mó a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith aige, go háirithe i dtíortha is lú forbairt agus i dtíortha leochaileacha nó atá thíos le coinbhleachtaí, le haird ar leith á tabhairt ar mhná agus cailíní, agus ar dhaoine i gcásanna leochaileacha. I dtaca leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle go dtugtar gealltanas i gClár Gníomhaíochta Doha[11], a glacadh i mí an Mhárta 2022, bearta nithiúla a dhéanamh chun tacú leis na tíortha is lú forbartha agus cuireann sí in iúl go láidir a thábhachtaí atá na gealltanais maidir lena chur chun feidhme a thug an t-Aontas agus na Ballstáit, bainc forbartha na hEorpa, agus na hinstitiúidí airgeadais. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá tacú le cumas institiúideach na dtíortha is lú forbairt a neartú agus meabhraítear di na conclúidí uaithi le déanaí maidir le 'Comhpháirtíocht athnuaite an Aontais leis na Tíortha is Lú Forbairt'[12].

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór do ODA rannchuidiú go hiomlán leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn, trí phríomhshruthú agus trí ghníomhaíocht spriocdhírithe araon. I ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cur chuige claochlaitheach lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne, amhail an bhearna phá, easpa deiseanna leordhóthanacha oideachais agus pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, agus cuireann sí i dtreis gur tosaíochtaí de chuid an Aontais i ngach réimse gníomhaíochta iad aghaidh a thabhairt ar neamhionannais inscne agus ar an idirdhealú iolrach a bhíonn os comhair daoine leochaileacha nó imeallaithe.

---

10 Is é 2020 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí iomlána ar fáil ina leith. Chun míniú mionsonraithe a fháil ar ríomh na bhfigiúirí sin agus ar an athrú ar mhodheolaíocht OECD-DAC, féach an cúlra modheolaíochta san Iarscríbhinn.

11 Clár Gníomhaíochta Doha do na Tíortha is Lú Forbairt

12 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9336-2022-INIT/ga/pdf

13. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht staideanna agus ar dhúshláin shonracha tíortha a théann ó stádas ísealioncaim go stádas meánioncaim. I gcomhréir leis an 'gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt'[13], glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le tíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, éagothromaíochtaí, earraí poiblí domhanda agus leasanna comhroinnte eile. I gcás tíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha, agus a dteastaíonn níos lú cineálacha lamháltais cúnaimh uathu nó nach dteastaíonn cineálacha lamháltais cúnaimh ar bith uathu, meabhraítear don Chomhairle go bhforbróidh an tAontas agus a Bhallstáit rannpháirtíocht nuálach, lena n-áirítear comhar airgeadais agus níos mó ná sin.

14. Cuireann an Comhairle i dtreis a thábhachtaí atá gach foinse mhaoiniúcháin ar a dtugtar aghaidh i gClár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (poiblí/príobháideach, intíre/idirnáisiúnta) agus leagann sí béim ar thosaíocht na gníomhaíochta intíre, ar thábhacht na mbeartas fónta cumasúcháin lena n-áirítear bailiú cánach intíre a neartú agus cánachas forásach a chur chun cinn, chomh maith le freagrachtaí do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach chun cuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé gach foinse maoiniúcháin a nascadh leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun téarnamh glas, digiteach, cuimsitheach, cothrom agus athléimneach a chur chun cinn, agus cuireann sí chun suntais an gá atá ann ODA agus sreabha eile airgeadais a ailíniú le Comhaontú Pháras. Go háirithe, tá maoiniú inbhuanaithe ríthábhachtach chun caipiteal príobháideach idirnáisiúnta agus intíre a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí glasa inbhuanaithe ardcháilíochta, rud a chruthóidh poist ar deireadh, go háirithe do dhaoine óga, i dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear mar chuid den tionscnamh Global Gateway. Tá ról lárnach ina leith sin ag an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus agus ag infheistíochtaí agus iasachtaí Eorpacha eile a bhfuil tionchar acu ar an bhforbairt.

15. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhar um fhorbairt chun cuspóirí idirnáisiúnta aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, agus is díol sásaimh di, i ndáil leis an méid sin, Dearbhú Comhpháirteach DAC maidir leis an Aeráid, an Comhshaol agus an Bhithéagsúlacht sula mbeidh COP26 lena ngealltar ODA a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras.

---

[13] https://www.consilium.europa.eu/media/24011/european-consensus-for-development-st09459en17.pdf

16. Meabhraíonn an Chomhairle na Conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2021 maidir le 'Foireann na hEorpa'[14] agus athdhearbhaíonn sí gur gá dlúthchomhordú a dhéanamh ar dhearadh, ar chur chun feidhme agus ar fhaireachán Thionscnaimh Fhoireann na Eorpa. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá rannpháirtíocht fhóinteach na dtíortha comhpháirtíochta sna tionscnaimh sin.

17. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do na prionsabail maidir le comhar éifeachtach um fhorbairt a comhaontaíodh i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Domhanda maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach, agus do Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt ós rud é go bhfuil siad ríthábhachtach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le Creataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá leanúint de thacaíocht a thabhairt do Chreataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin mar chur chuige cuimsitheach, comhtháite chun leas a bhaint as maoiniú ó na foinsí uile atá ar fáil chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle go neartófar an obair chomhpháirteach ar leibhéal na tíre idir an tAontas agus na Ballstáit agus na geallsealbhóirí idirnáisiúnta agus náisiúnta uile maidir le SDGanna agus go háirithe maidir lena maoiniú, agus is díol sásaimh di, i ndáil leis an méid sin, seoladh na Saoráide maidir le Creataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin (INFF) ag an bhfóram um Maoiniú don Fhorbairt i mí Aibreáin 2022.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle an dara tuairisciú maidir le Tacaíocht Oifigiúil Iomlán le haghaidh na Forbartha Inbhuanaithe (TOSSD). Agus ról ODA á urramú aici, cuireann an Chomhairle i dtreis, mar bheart comhlántach deonach, is féidir le TOSSD cuidiú le trédhearcacht agus eolas faoi acmhainní a chuireann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030[15] a thomhas ar bhealach níos fearr agus iad a fheabhsú. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil TOSSD á aithint ag Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe mar fhoinse chuimsitheach sonraí do tháscaire nua SDG 17.3.1[16].

[14] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7894-2021-INIT/ga/pdf
[15] Uirlis Amharcléirithe TOSSD
[16] Táscaire 17.3.1: Infheistíocht dhíreach choigríche (IDC), cúnamh forbartha oifigiúil agus comhar Theas-Theas mar chion den bhuiséad intíre iomlán

IARSCRÍBHINN

**Gealltanais agus Spriocanna ODO reatha an Aontais Eorpaigh**

**(Conclúidí ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2015 (9241/15, míreanna 31-33))**

(…) Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta go comhchoiteann an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta an sprioc sin a choimeád nó leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit sin ar Ballstáit iad ó 2002 ar aghaidh, déanfaidh siad a ndícheall ODA/OIN a mhéadú go 0.33 %.

Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, ar bhonn comhchoiteann, an sprioc 0.15 – 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach, go gearrthéarmach, agus an sprioc 0.20 % OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.

**An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt 'Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí' (Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, an 7 Meitheamh 2017, mír 103.)**


Tá sé geallta ag an Aontas ar bhonn comhchoiteann go ndéanfaidh sé 0.7 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Ionas go ndíreofar acmhainní ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu, geallann an tAontas go mbainfidh sé amach ar bhonn comhchoiteann an sprioc go gcuirfear 0.15 - 0.20 % ODA/OIN ar fáil do thíortha is lú forbairt, go gearrthéarmach, agus go mbainfidh sé amach an sprioc go gcuirfear 0.20 % ODA/OIN ar fáil laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit na dúshláin ar leith a bhíonn le sárú ag na tíortha atá i mbéal forbartha san Afraic. (…) Leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun agus cuirfidh siad tuarascáil ar fáil go bliantúil lena gceadófar trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí.

**Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (a d'fhormhuinigh an Comhthionól Ginearálta i rún 69/313 uaidh ar an 27 Iúil 2015, mír 51-52)**

(…) Athdhearbhaíonn soláthraithe ODA a ngealltanais ODA faoi seach, lena n-áirítear an gealltanas a rinne go leor tíortha chun an sprioc 0.7% ODA/OIN, agus 0.15% go 0.20% ODA/OIN do na tíortha is lú forbairt, a bhaint amach. Is cúis dóchais dúinn iad na tíortha sin ar éirigh leo a ngealltanas 0.7% ODA/OIN agus an sprioc 0.15% go 0.20% ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a shárú. Tathantaímid ar gach tír eile dlús a chur lena n-iarrachtaí a ODA a mhéadú agus iarrachtaí breise nithiúla a dhéanamh chun spriocanna ODA a bhaint amach. Is díol sásaimh dúinn an cinneadh ón Aontas Eorpach a athdhearbhaíonn a ghealltanas comhchoiteann an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015, agus geallann sé an sprioc 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann sa ghearrthéarma, agus an sprioc 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Tathantaímid ar sholáthraithe ODA machnamh a dhéanamh ar sprioc a leagan síos ar a laghad 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do thíortha is lú forbairt.

Aithnímid a thábhachtaí atá sé na hacmhainní lamháltais a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar agus is lú atá in ann acmhainní eile a shlógadh. Ina leith sin tugaimid dár n-aire, agus is cúis mhór imní dúinn é, an laghdú i sciar ODA do na tíortha is lú forbairt agus geallaimid an laghdú sin a chur ina cheart. Is díol spreagtha dúinn na tíortha sin a leithdháileann ar a laghad 50 % dá ODA ar na tíortha is lú forbairt.

Figiúr 1 – ODA comhchoiteann an Aontais i gcomparáid le deontóirí nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad in 2021





NB: Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2021.

NB: Tugtar figiúirí i gcoibhéisí deontais.

NB: Níor thuairiscigh an Chipir aon réamhshonraí ODA 2021 do OECD.

Léaráid 2 – ODA comhchoiteann an Aontais mar % OIN i gcomparáid le soláthraithe DAC neamh-Aontais thar thréimhse ama





NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh i bhfigiúirí ODA comhchoiteann an Aontais sa ghraf seo ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am, agus ní chuirtear san áireamh i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad ach na tíortha sin a bhí ina gcomhaltaí den DAC ag an am. Go háirithe, tá an Ríocht Aontaithe san áireamh i measc Dheontóirí Comhchoiteanna an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní ó 2020 amach, ós rud é gur tháinig a tarraingt siar ón Aontas Eorpach i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, agus áirítear an Ríocht Aontaithe i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad amhail ó 2020 i leith. Taispeántar tíortha G7 neamh-AE (deontóirí DAC freisin) ina n-aonar freisin.

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2021.

NB: Níor thuairiscigh an Chipir aon réamhshonraí ODA 2021 do OECD.

Léaráid 3 – An bhearna idir leibhéil ODA/ONI 2021 agus spriocanna aonair comhaontaithe na mBallstát agus treo an athraithe ó 2020 go 2021




NB: Rinneadh na ríomhanna ag baint úsáid as praghsanna reatha. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2021. Ní mheasfar ach dearbh-athruithe 0.01 % ar a laghad mar mhéadú ná laghdú. Cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm go comhsheasmhach thar thréimhse ama agus is é is aidhm di nach measfar mion-éagsúlachtaí mar mhéadú ná laghdú. Tá Ballstáit a raibh méadú beag nó laghdú beag iontu i measc na dtíortha a mheastar a bheith cobhsaí.

NB: Ní léirítear an Chipir toisc nár thuairiscigh sí aon réamhshonraí ODA 2021 do OECD.

Tábla 1 – ODA comhchoiteann Bhallstáit an Aontais sa tréimhse 2011-2021

| Member State | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | | Change 2020-2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | Volume in EUR Million | % of GNI |
| Austria | 799 | 0.27 | 860 | 0.28 | 882 | 0.27 | 930 | 0.28 | 1,193 | 0.35 | 1,479 | 0.42 | 1,110 | 0.30 | 990 | 0.26 | 1,099 | 0.28 | 1,117 | 0.30 | 1,234 | 0.31 | 117.04 | 0.0105 |
| Belgium | 2,019 | 0.54 | 1,801 | 0.47 | 1,732 | 0.45 | 1,844 | 0.46 | 1,717 | 0.42 | 2,080 | 0.50 | 1,948 | 0.45 | 1,959 | 0.43 | 1,943 | 0.41 | 2,056 | 0.48 | 2,174 | 0.46 | 117.88 | -0.0166 |
| Bulgaria | 35 | 0.09 | 31 | 0.08 | 37 | 0.10 | 37 | 0.09 | 37 | 0.09 | 61 | 0.13 | 55 | 0.11 | 58 | 0.11 | 58 | 0.10 | 75 | 0.13 | 77 | 0.12 | 1.90 | -0.0081 |
| Croatia | | | | | 34 | 0.08 | 54 | 0.13 | 46 | 0.09 | 37 | 0.07 | 48 | 0.10 | 67 | 0.13 | 64 | 0.12 | 68 | 0.13 | 80 | 0.15 | 12.25 | 0.0145 |
| Cyprus | 27 | 0.16 | 20 | 0.11 | 15 | 0.10 | 14 | 0.09 | 16 | 0.09 | - | - | - | - | 21 | 0.12 | 18 | 0.09 | 13 | 0.06 | - | - | - | - |
| Czech Republic | 180 | 0.12 | 171 | 0.12 | 159 | 0.11 | 160 | 0.11 | 179 | 0.12 | 235 | 0.14 | 270 | 0.15 | 259 | 0.13 | 276 | 0.13 | 262 | 0.13 | 306 | 0.13 | 43.39 | 0.0069 |
| Denmark | 2,108 | 0.85 | 2,095 | 0.83 | 2,205 | 0.85 | 2,264 | 0.86 | 2,313 | 0.85 | 2,142 | 0.75 | 2,172 | 0.74 | 2,195 | 0.72 | 2,281 | 0.72 | 2,327 | 0.72 | 2,431 | 0.70 | 103.93 | -0.0159 |
| Estonia | 17 | 0.11 | 18 | 0.11 | 23 | 0.13 | 28 | 0.14 | 31 | 0.15 | 39 | 0.19 | 38 | 0.16 | 41 | 0.16 | 43 | 0.16 | 44 | 0.17 | 51 | 0.17 | 7.04 | 0.0034 |
| Finland | 1,011 | 0.53 | 1,027 | 0.53 | 1,081 | 0.54 | 1,232 | 0.59 | 1,161 | 0.55 | 958 | 0.44 | 961 | 0.42 | 834 | 0.36 | 1,010 | 0.42 | 1,122 | 0.47 | 1,214 | 0.47 | 92.54 | 0.0044 |
| France | 9,348 | 0.46 | 9,358 | 0.45 | 8,540 | 0.41 | 8,005 | 0.37 | 8,149 | 0.37 | 8,701 | 0.38 | 10,052 | 0.43 | 10,283 | 0.43 | 10,908 | 0.44 | 12,394 | 0.53 | 13,062 | 0.52 | 668.00 | -0.0118 |
| Germany | 10,136 | 0.39 | 10,067 | 0.37 | 10,717 | 0.38 | 12,486 | 0.42 | 16,173 | 0.52 | 22,368 | 0.70 | 22,182 | 0.67 | 21,163 | 0.61 | 21,616 | 0.61 | 25,191 | 0.73 | 27,255 | 0.74 | 2,064.23 | 0.0067 |
| Greece | 305 | 0.15 | 255 | 0.13 | 180 | 0.10 | 186 | 0.11 | 215 | 0.12 | 333 | 0.19 | 278 | 0.16 | 246 | 0.13 | 329 | 0.18 | 286 | 0.17 | 223 | 0.12 | -62.48 | -0.0513 |
| Hungary | 100 | 0.11 | 92 | 0.10 | 97 | 0.10 | 109 | 0.11 | 140 | 0.13 | 180 | 0.17 | 132 | 0.11 | 241 | 0.21 | 279 | 0.21 | 367 | 0.27 | 385 | 0.29 | 18.08 | 0.0166 |
| Ireland | 657 | 0.51 | 629 | 0.47 | 637 | 0.46 | 615 | 0.38 | 648 | 0.32 | 726 | 0.32 | 743 | 0.32 | 792 | 0.31 | 870 | 0.32 | 867 | 0.31 | 988 | 0.31 | 121.55 | 0.0092 |
| Italy | 3,111 | 0.20 | 2,129 | 0.14 | 2,584 | 0.17 | 3,022 | 0.19 | 3,609 | 0.22 | 4,601 | 0.27 | 5,197 | 0.30 | 4,397 | 0.25 | 3,941 | 0.22 | 3,728 | 0.22 | 5,088 | 0.28 | 1,359.86 | 0.0586 |
| Latvia | 14 | 0.07 | 16 | 0.07 | 18 | 0.08 | 19 | 0.08 | 21 | 0.09 | 27 | 0.11 | 28 | 0.11 | 29 | 0.10 | 31 | 0.10 | 36 | 0.12 | 40 | 0.12 | 4.13 | 0.0008 |
| Lithuania | 37 | 0.13 | 40 | 0.13 | 38 | 0.11 | 34 | 0.10 | 43 | 0.12 | 52 | 0.14 | 53 | 0.13 | 55 | 0.12 | 60 | 0.13 | 63 | 0.13 | 70 | 0.13 | 7.25 | -0.0010 |
| Luxembourg | 294 | 0.97 | 310 | 1.00 | 323 | 1.00 | 319 | 1.06 | 327 | 0.95 | 354 | 1.00 | 376 | 1.00 | 401 | 0.98 | 421 | 1.03 | 397 | 1.03 | 456 | 0.99 | 58.76 | -0.0435 |
| Malta | 14 | 0.25 | 14 | 0.23 | 14 | 0.20 | 15 | 0.20 | 15 | 0.17 | 19 | 0.20 | 22 | 0.21 | 28 | 0.25 | 37 | 0.30 | 47 | 0.40 | 46 | 0.34 | -0.42 | -0.0593 |
| Netherlands | 4,563 | 0.75 | 4,297 | 0.71 | 4,094 | 0.67 | 4,200 | 0.64 | 5,162 | 0.75 | 4,491 | 0.65 | 4,399 | 0.60 | 4,795 | 0.62 | 4,727 | 0.59 | 4,702 | 0.59 | 4,471 | 0.52 | -231.32 | -0.0687 |
| Poland | 300 | 0.08 | 328 | 0.09 | 367 | 0.10 | 341 | 0.09 | 397 | 0.10 | 600 | 0.15 | 603 | 0.13 | 649 | 0.14 | 694 | 0.14 | 728 | 0.14 | 805 | 0.15 | 77.62 | 0.0043 |
| Portugal | 509 | 0.31 | 452 | 0.28 | 368 | 0.23 | 324 | 0.19 | 278 | 0.16 | 310 | 0.17 | 338 | 0.18 | 349 | 0.18 | 367 | 0.17 | 362 | 0.18 | 380 | 0.18 | 17.83 | -0.0020 |
| Romania | 118 | 0.09 | 111 | 0.09 | 101 | 0.07 | 161 | 0.11 | 143 | 0.09 | 184 | 0.11 | 195 | 0.11 | 211 | 0.11 | 227 | 0.10 | 271 | 0.13 | 276 | 0.12 | 5.19 | -0.0098 |
| Slovak Republic | 62 | 0.09 | 62 | 0.09 | 65 | 0.09 | 63 | 0.09 | 77 | 0.10 | 96 | 0.12 | 106 | 0.13 | 117 | 0.13 | 103 | 0.11 | 124 | 0.14 | 127 | 0.13 | 3.54 | -0.0047 |
| Slovenia | 45 | 0.13 | 45 | 0.13 | 46 | 0.13 | 46 | 0.12 | 57 | 0.15 | 74 | 0.19 | 67 | 0.16 | 71 | 0.16 | 78 | 0.17 | 80 | 0.17 | 97 | 0.19 | 17.47 | 0.0141 |
| Spain | 3,001 | 0.29 | 1,585 | 0.16 | 1,769 | 0.17 | 1,415 | 0.13 | 1,259 | 0.12 | 3,819 | 0.34 | 2,271 | 0.19 | 2,449 | 0.20 | 2,629 | 0.21 | 2,621 | 0.23 | 2,995 | 0.25 | 373.94 | 0.0175 |
| Sweden | 4,030 | 1.02 | 4,077 | 0.97 | 4,389 | 1.01 | 4,698 | 1.09 | 6,391 | 1.40 | 4,425 | 0.94 | 4,935 | 1.02 | 5,085 | 1.07 | 4,650 | 0.96 | 5,571 | 1.14 | 5,012 | 0.92 | -559.36 | -0.2216 |
| United Kingdom | 9,948 | 0.56 | 10,808 | 0.56 | 13,461 | 0.70 | 14,519 | 0.70 | 16,725 | 0.70 | 16,325 | 0.70 | 16,060 | 0.70 | 16,446 | 0.70 | 17,309 | 0.70 | | | | | | |
| **EU MS Aggregate** | **52,790** | **0.42** | **50,698** | **0.39** | **53,975** | **0.41** | **57,139** | **0.41** | **66,522** | **0.46** | **74,716** | **0.51** | **74,638** | **0.49** | **74,229** | **0.47** | **76,068** | **0.46** | **64,919** | **0.49** | **69,345** | **0.48** | **4,426.84** | **-0.0037** |
| EU Institutions' ODA not imputed to EU Member States and other donors | 3,453 | | 4,544 | | 2,873 | | 2,131 | | 1,372 | | 2,750 | | 1,926 | | 627 | | -829 | | 2,418 | | 855 | | -1,563.15 | |
| **EU Collective** | **56,243** | **0.44** | **55,242** | **0.43** | **56,848** | **0.43** | **59,270** | **0.43** | **67,894** | **0.47** | **77,466** | **0.52** | **76,563** | **0.50** | **74,856** | **0.47** | **75,239** | **0.46** | **67,337** | **0.50** | **70,201** | **0.49** | **2,863.69** | **-0.0159** |

NB: Tugtar figiúirí i nglansreafaí suas go dtí 2017 agus i gcoibhéisí deontais ó 2018. Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2021.

NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh sa tábla seo ná ina fhigiúirí comhiomlána agus comhchoiteanna ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Go háirithe, áirítear an Ríocht Aontaithe i dtíortha comhchoiteann an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh ach ní áirítear an Ríocht Aontaithe amhail ó 2020 toisc gur tharraing sí siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020.

NB: Leis an gcomhartha '-' léirítear nár thuairiscigh an Ballstát ar leith sin aon sonraí ODA don bhliain sin.

Tábla 2: ODA Bhallstát an Aontais agus ODA Comhchoiteann an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt 2018-2020

| Member State | 2018 | | 2019 | | 2020 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI |
| Austria | 270.1 | 0.07 | 281.3 | 0.07 | 268.2 | 0.07 |
| Belgium | 630.0 | 0.14 | 647.6 | 0.14 | 684.3 | 0.16 |
| Bulgaria | 11.8 | 0.02 | 10.7 | 0.02 | 16.3 | 0.03 |
| Croatia | 12.9 | 0.03 | 2.9 | 0.01 | 9.2 | 0.02 |
| Cyprus | 4.3 | 0.02 | 2.6 | 0.01 | 2.2 | 0.01 |
| Czech Republic | 54.9 | 0.03 | 57.8 | 0.03 | 54.1 | 0.03 |
| Denmark | 615.4 | 0.20 | 703.2 | 0.22 | 676.9 | 0.21 |
| Estonia | 6.6 | 0.03 | 8.2 | 0.03 | 8.2 | 0.03 |
| Finland | 266.1 | 0.11 | 329.2 | 0.14 | 334.0 | 0.14 |
| France | 2,872.2 | 0.12 | 2,607.7 | 0.11 | 3,354.8 | 0.14 |
| Germany | 4,199.5 | 0.12 | 3,978.6 | 0.11 | 4,999.8 | 0.15 |
| Greece | 50.8 | 0.03 | 44.5 | 0.02 | 42.5 | 0.03 |
| Hungary | 57.6 | 0.05 | 58.2 | 0.04 | 45.2 | 0.03 |
| Ireland | 327.1 | 0.13 | 332.9 | 0.12 | 339.1 | 0.12 |
| Italy | 1,116.6 | 0.06 | 1,023.6 | 0.06 | 938.9 | 0.06 |
| Latvia | 5.6 | 0.02 | 6.1 | 0.02 | 6.1 | 0.02 |
| Lithuania | 10.4 | 0.02 | 11.3 | 0.02 | 10.7 | 0.02 |
| Luxembourg | 189.4 | 0.46 | 190.4 | 0.47 | 183.1 | 0.48 |
| Malta | 2.3 | 0.02 | 1.7 | 0.01 | 1.3 | 0.01 |
| Netherlands | 1,145.2 | 0.15 | 1,138.0 | 0.14 | 984.0 | 0.12 |
| Poland | 186.7 | 0.04 | 118.7 | 0.02 | 114.0 | 0.02 |
| Portugal | 108.9 | 0.06 | 111.9 | 0.05 | 99.7 | 0.05 |
| Romania | 36.4 | 0.02 | 36.7 | 0.02 | 41.0 | 0.02 |
| Slovak Republic | 21.4 | 0.02 | 18.6 | 0.02 | 18.7 | 0.02 |
| Slovenia | 11.3 | 0.02 | 11.2 | 0.02 | 10.6 | 0.02 |
| Spain | 581.7 | 0.05 | 520.7 | 0.04 | 522.6 | 0.05 |
| Sweden | 1,623.4 | 0.34 | 1,577.8 | 0.32 | 1,726.8 | 0.35 |
| United Kingdom | 5,428.9 | 0.23 | 5,153.9 | 0.21 | | |
| **EU MS Aggregate** | **19,847.7** | **0.125** | **18,986.1** | **0.12** | **15,492.3** | **0.12** |
| EU Institutions' regional ODA known to benefit LDCs (not including UK share) | | | | | 798.1 | |
| **EU Collective** | | | | | **16,290.5** | **0.12** |

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir.

NB: I gcás gach bliana, cuirtear san áireamh sa tábla seo ina fhigiúirí comhiomlána agus comhchoiteanna na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Go háirithe, áirítear an Ríocht Aontaithe i gcomhiomlán Bhallstáit an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh ach ní áirítear an Ríocht Aontaithe in 2020 toisc gur tharraing sí siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, agus ní chuirtear an Ríocht Aontaithe san áireamh i measc Bhallstáit chomhchoiteanna an Aontais in 2021 ach an oiread.

NB: Thug OECD-DAC athrú isteach ar an modheolaíocht chun ODA iomlán do na tíortha is lú forbairt a ríomh, agus feidhm aici maidir le sonraí 2020, trí ODA réigiúnach arb eol go dtí sé téann chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt a chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá sos sa tsraith idir 2019 agus 2020. Chun sonraí a fháil, féach, le do thoil, an cúlra modheolaíochta atá san Iarscríbhinn.

**Cúlra modheolaíochta maidir le ODA do na tíortha is lú forbairt a ríomh**

San am a caitheadh, go dtí sonraí 2019, ríomhadh ODA comhiomlán Bhallstáit an Aontais le tíortha is lú forbairt trí ODA glan déthaobhach na mBallstát a chur leis na tíortha is lú forbairt agus a ODA iltaobhach barúlach leis na tíortha is lú forbairt, rud a sheachnaíonn comhaireamh dúbailte ODA institiúidí an Aontais leis na tíortha is lú forbairt, ina n-áirítear den chuid is mó ODA barúlach iltaobhach na mBallstát chuig na tíortha is lú forbairt a sheoltar trí institiúidí an Aontais.
I gcás sonraí 2020, thug OECD-DAC gné nua bhreise isteach ar an modheolaíocht chun ODA iomlán do na tíortha is lú forbairt a ríomh, agus feidhm aici: ODA réigiúnach arb eol go dtí sé téann chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt a chur san áireamh. Ós rud é nach bhfuil ODA réigiúnach institiúidí an Aontais arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt san áireamh in ODA iltaobhach barúlach na mBallstát leis na tíortha is lú forbairt, cuirtear san áireamh an ODA réigiúnach uathu arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt (gan an méid a d'fhéadfaí a chur go barúlach ar ais go dtí an Ríocht Aontaithe a áireamh), arb ionann é agus EUR 798 milliún, in ODA comhchoiteann an Aontais do na tíortha is lú forbairt na bliana 2020. Seachas institiúidí an Aontais, tá dhá Bhallstát tar éis ODA réigiúnach a thuairisciú arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt: An Fhrainc (EUR 17 milliún) agus an Ghearmáin (EUR 82 mhilliún). Is ionann ODA réigiúnach arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt a áirítear in ODA comhchoiteann an Aontais do na tíortha is lú forbairt, dá bhrí sin, agus EUR 897 milliún ar an iomlán.
In 2020, d'éirigh le cúig Bhallstát de chuid an Aontais sprioc 2020 maidir le 0.15 % ODA/OIN a sholáthar do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a shárú, féach Tábla 2.

Mar thagairt, in 2019, bhí ODA comhiomlán do na tíortha is lú forbairt ó na 28 mBallstát, agus ó 27 gcinn de Bhallstáit an Aontais (cé is moite den Ríocht Aontaithe) cothrom le 0.12 % de OIN (EUR 19.0 mbilliún) agus 0.10 % de OIN (EUR 13.8 billiún) faoi seach. Chun comparáid a dhéanamh, bheadh ODA comhiomlán do na tíortha is lú forbairt sna 27 mBallstát in 2020, bunaithe ar an modheolaíocht roimhe seo, cothrom le 0.12 % de OIN (EUR 15.4 billiún), méadú ainmniúil ar mhéid 11.3 % ó chomhiomlán an Aontais, cé is moite den Ríocht Aontaithe, in 2019.